An Roinn Tithíochta,
Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta
Department of Housing,
Local Government and Heritage

An Stiúrthóireacht Náisiúnta um
Bainistíocht Dóiteáin agus Éigeandála
National Directorate for
Fire and Emergency Management

Sábháilteacht Dóiteáin i dTithe Gaeltachta ina gcuirtear Lóistín ar fáil d'Fhoghlaimeoirí Gaeilge 2026

Arna ullmhú ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta

gov.ie/housing

Clár na nÁbhar

1. Réamhrá 3
1.1. Cuspóir na Treorach: 3
1.2. Scóip na Treorach 3
2. Treoir Sábháilteachta Dóiteáin 4
2.1. Córas Braite agus Aláraim Dóiteáin 4
2.2. Doirse ar bhealaí éalaithe 4
2.3. Bealaí éalaithe 5
2.4. Stóras 5
2.5. Fuinneoga Éalaithe 5
2.6. Seomraí Inmheánacha 6
2.7. Soilsiú Éigeandála 6
2.8. Staighre 6
2.9. Líneálacha ballaí agus síleálacha 7
2.10. Gairis théimh iniompartha 7
2.11. Trealamh múchta dóiteáin garchabhrach 7
2.12. Cleachtadh Dóiteáin 7
2.13. Fógraí treoracha faoi Shábháilteacht Dóiteáin 7
2.14. Comhairle Sábháilteachta Dóiteáin 8
2.15. Scútair Leictreacha nó Rothair Leictreacha 8
2.16. Cothabháil Córais Sábháilteachta Dóiteáin 8
2.17. Fearastú 8
2.18. Clár Sábháilteachta Dóiteáin 8
Aguisín 1. Nósanna Imeachta Éigeandála agus Aslonnaithe 9
Aguisín 2. Clár Sábháilteachta Dóiteáin 10
(a) Mionsonraí an áitribh 11
(b) Tástálacha Seachtainiúla Fhear nó Bhean an Tí 12
(c) Tástálacha Bliantúla 14
(d) Teastas Aláraim Dóiteáin 15
(e) Teastas Soilsithe Éigeandála 17

1. Réamhrá

1.1. Cuspóir na Treorach:

Is é cuspóir na Treorach giorra seo ná cúnamh a thabhairt do dhaoine a rialaíonn Tithe Gaeltachta (Fir nó Mná Tí) ina gcuirtear lóistín ar fáil d'Fhoghlaimeoirí Gaeilge chun a gcuid freagrachtaí reachtúla a chomhlíonadh faoi na hAchtanna Seirbhísí Dóiteáin 1981 & 2003. Foráiltear faoi na hAchtanna, go háirithe:

Go bhfuil dualgas ar dhaoine a rialaíonn na háitribh sin:

- Gach beart réasúnach a dhéanamh cosaint in aghaidh briseadh amach dóiteáin in áitribh den sórt sin a sholáthar,
- Bearta sábháilteachta dóiteáin réasúnta a sholáthar d'áitribh den sórt sin agus nósanna imeachta sábháilteachta dóiteáin cuí a ullmhú agus a chur ar fáil le sábháilteacht daoine in áitribh den sórt sin a chinntiú,
- A chinntiú go mbíonn na bearta sábháilteachta agus na nósanna imeachta dóiteáin dá dtagraítear thuas á gcur i bhfeidhm an t-am go léir, agus
- Sábháilteacht daoine san áitreabh a chinntiú, chomh fada agus a bheidh infheidhme go réasúnach, i gcás briseadh amach dóiteáin, cibé an bhfuil nó nach bhfuil briseadh amach den sórt sin tarlaithe.

1.2. Scóip na Treorach

Tugtar aghaidh sa treoir seo ar shábháilteacht dóiteáin i dTithe Gaeltachta a úsáidtear chun lóistín a chur ar fáil d'fhoghlaimeoirí Gaeilge. Ba chóir na moltaí do shábháilteacht dóiteáin a aithnítear sa treoir seo a chur i bhfeidhm ar fud an líon tí i.e. cóiríocht na bhFoghlaimeoirí Gaeilge agus cóiríocht an teaghlaigh aitheanta. Déantar moltaí ann maidir le leagan amach foirgneamh, áiseanna cosanta dóiteáin, bainistiú sábháilteachta dóiteáin agus bearta eile chun an baol do bheatha ó dhóiteán a laghdú, agus níor cheart é a úsáid seachas i gcomhair áitreabh aon stór nó dhá stór. Ba cheart don Údarás Áitiúil déileáil le háitribh ag a bhfuil trí stór nó níos mó, de réir an cháis.

2. Treoir Sábháilteachta Dóiteáin

Ba chóir go mbeadh na rudaí seo a leanas san áireamh san íoschaighdeán sábháilteachta dóiteáin atá molta do thithe Gaeltachta ina gcuirtear lóistín ar fáil d'fhoghlaimeoirí Gaeilge:

2.1. Córas Braite agus Aláraim Dóiteáin

Córas braite agus aláraim Chatagóir LD1 Grád C a dearadh de réir BS 5839 Cuid 6: 2004[1] nó de réir I.S. 3218. Ba chóir go mbeadh sa chóras sin brathadóir teasa cuí-lonnaithe agus idirnasctha, a bheidh á chumhachtú ag príomhlíonra (agus a bheidh lonnaithe sa chistin) agus brathadóirí deataigh optúla (a mbeidh soláthar cumhachta in-athluchtaithe cúltaca agus gné rialaithe lárnaigh aige) ar fud an chuid eile den áitreabh, lena n-áirítear gach áit a mbíonn daoine ag gluaiseacht tríd agus a bheidh mar chuid den bhealach éalaithe agus i ngach seomra agus i ngach áit ina bhféadfadh dóiteán tosú, seachas leithris, seomraí folctha agus seomraí cithfholctha. Ba chóir go mbeadh an tsaoráid rialaithe lárnach lonnaithe sa phríomh-halla iontrála agus ba chóir go mbeadh na gnéithe seo a leanas aige;

- Pointe glao láimhe le haghaidh comharthaíocht thrialach agus aslonnaithe a dhéanamh,
- Lasc aimsithe chun foinse an aláraim a aimsiú, agus
- Ba chóir go mbeadh ag gach aláram slí lena aithint go bhfuil an ciorcad beo agus ag obair.

2.2. Doirse ar bhealaí éalaithe

Níor chóir go mbeadh ar dhoirse na mbealaí éalaithe, go háirithe an doras tosaigh agus an doras cúil, ach ceanglóirí simplí ar féidir iad a oibriú go héasca ón taobh istigh gan eochair a úsáid.

[1] An cód cleachtais do dhearadh agus do shuíomh córas braite agus aláraim dóiteáin in áiteanna cónaithe.

2.3. Bealaí éalaithe

Coimeádfar bealaí éalaithe inmheánacha (pasáistí, cinn staighre, staighre agus hallaí) agus seachtracha glan agus réidh le húsáid an t-am go léir.

2.4. Stóras

Níor cheart ábhar indóite a stóráil i hallaí agus/nó faoi staighre.

2.5. Fuinneoga Éalaithe

In gach seomra codlata[2], seachas na seomraí codlata siúd a bhfuil doras iontu a thugann rochtain dhíreach ar an taobh amuigh, ba cheart go mbeadh fuinneog amháin ar a laghad atá ag teacht leis an méid a leanas;

i) Ba chóir go soláthródh siad limistéar oscailte glan, gan aon rud á gcosc, de 0.33m^2 agus ba chóir go mbeidh siad 450mm ar leithead nó ar airde.

ii) Maidir le fuinneoga ar an gcéad urlár, ní chóir go mbeadh íochtar oscailt na fuinneoige níos mó ná 1100mm nó níos lú ná 800mm, nó i gcás díonléis ní chóir go mbeidh sé níos lú ná 600mm os cionn an urláir go díreach laistigh den fhuinneog nó faoin fhuinneog. Maidir le fuinneoga ar urlár na talún, ní chóir go mbeadh íochtar oscailt na fuinneoige níos mó ná 1100mm os cionn an urláir go díreach laistigh nó faoin fhuinneog agus féadfaidh sé a bheith níos lú ná 800mm os cionn an urláir go díreach laistigh nó faoin fhuinneog.

iii) Ba cheart go mbeadh an láthair faoin fhuinneog ar an taobh amuigh socruithe chun éalú nó tarrtháil a éascú. Mar shampla;

- Má tá titim ghlan ann ó fhuinneog thuas staighre nó in áiléar athchóirithe, ba cheart go mbeadh an talamh faoin fhuinneog oiriúnach chun tacú go sábháilte le dréimire agus ba cheart go mbeadh rochtain ag na seirbhísí dóiteáin nó ag daoine eile air i gcomhair tarrthála.
- Má tá díon, grianán, balcóin nó forscáth faoi fhuinneog éalaithe nó tarrthála, ba cheart go mbeadh sé leordhóthanach ó thaobh struchtúir chun tacú leo siúd a bhainfidh úsáid as an fhuinneog.

iv) Ba cheart go mbeadh oscailt na fuinneoige daingnithe le ceanglóirí ar féidir iad a oscailt go réidh ón taobh istigh. I gcúinsí áirithe, d'fhéadfadh go mbeidh

[2]Chun críche na treorach seo áireofar ar sheomra codlata seomra ar bith a bheidh in úsáid ag Fear nó Bean an Tí mar áit chodlata shealadach, i.e. seomra suí, seomra staidéir, srl.

sriantáin feistithe ar na fuinneoga sin, féach Technical Guidance Document K 2014 - Stairways, Ladders, Ramps and Guards [*Doiciméad Treorach Teicniúla K 2014 - Staighrí, Dréimirí, Rampaí agus Sciatha*], Cuid 2.7. Níor chóir do hanlaí nó sriantáin inghlasáilte, nach féidir iad a scaoileadh gan eochracha inbhainte nó uirlisí eile, a fheistiú ar oscailtí fuinneoga atá le húsáid i gcomhair éalaithe nó tarrthála.

v) Níor cheart aon bhacainn a bheith ann ar an bhfuinneog éalaithe nó tarrthála, m.sh. cásanna nó racaí sealadacha éadaí srl.

2.6. Seomraí Inmheánacha

Níor chóir go mbeadh seomraí codlata ina seomraí inmheánacha[3]. Ba cheart go dtabharfadh doirse ó sheomraí codlata thú díreach amach go dorchla, halla, staighre, nó i gcás go bhfaightear rochtain ar an seomra codlata trí sheomra seachtrach, ba cheart go mbeadh bealach díreach go dtí an taobh amuigh ann trí dhoras, níl fuinneog éalaithe inghlactha sa chás seo. Is seomraí inmheánacha inghlactha iad seomraí folctha nó cithfholctha en-suite, agus seomraí beaga stórais. Sa chás nach mbeidh an seomra inmheánach in úsáid mar sheomra codlata, glacfar le fuinneog éalaithe (féach cuid 2.5) trínar féidir dul amach taobh amuigh go díreach.

2.7. Soilsiú Éigeandála

Ba chóir soilsiú éigeandála a sholáthar chun an phríomháit a mbíonn daoine ag gluaiseacht tríd a shoilsiú sa chás go gcliseann an gnáthshoilsiú. Ba chóir saoráid a chur ar fáil chun an córas soilsithe éigeandála a thástáil.

2.8. Staighre

Ba chóir staighre a fhreastalaíonn ar urlár uachtair a bheith dúnta isteach le ballaí (nach gá a bheith dódhíonach) ar airde an urláir sin agus ba chóir go scaoilfeadh sé amach díreach chuig an taobh amuigh ag leibhéal na talún/na rochtana. Níor mhór féachaint go grinn ar aon leagan amach oscailte ina mbeadh an staighre ag dul suas go díreach ón áit chónaithe ar an mbunurlár agus ní mholtar é.

[3] Seomra inmheánach – seomra nach féidir éalú as ach trí dhul trí sheomra rochtana nó trí sheomra seachtrach.

2.9. Líneálacha ballaí agus síleálacha

Ba chóir go mbeadh grádú Aicme B ag baint le líneálacha ballaí agus síleálacha i mbealaí éalaithe, agus ba chóir go mbeadh grádú nach lú ná Aicme C ag baint le gach áit eile. Tá grádú feidhmíochta Aicme B le haon ábhar dodhóite, ar nós plástair, bríc-oibre, blocoibre nó plástarchláir. Ní chomhlíonfaidh ábhair indóite ar nós leathánra adhmaid agus clárábhair éadroma eile feidhmíocht Aicme B nó Aicme C.

2.10. Gairis théimh iniompartha

Níor chóir gairis théimh iniompartha a úsáid.

2.11. Trealamh múchta dóiteáin garchabhrach

Ba chóir trealamh múchta dóiteáin garchabhrach a sholáthar sa chistin. Ba chóir go mbeadh ar a laghad múchtóir dóiteáin púdair thirim 6kg amháin agus blaincéad dóiteáin amháin mar chuid de.

2.12. Cleachtadh Dóiteáin

Ba chóir cleachtadh dóiteáin a dhéanamh an chéad oíche a chaitheann foghlaimeoirí Gaeilge ina dteach nua. Ba chóir d'Fhear nó Bean an Tí an córas aimsithe dóiteáin agus an córas aláraim a thástáil an oíche chéanna. Ba chóir an nós imeachta sin a athdhéanamh an chéad oíche de gach cúrsa.

2.13. Fógraí treoracha faoi Shábháilteacht Dóiteáin

Ba chóir fógraí buana treoracha faoi shábháilteacht dóiteáin, ar a léireofar na nithe atá le déanamh 'I gCás Tine a Aimsiú' agus 'I gCás an tAláram Dóiteáin a Chloisteáil', a chrochadh ar dhoras gach seomra codlata sa dá theanga. (Féach Aguisín 1 le haghaidh fógra samplach.)

2.14. Comhairle Sábháilteachta Dóiteáin

Ba cheart fógra buan comhairle sábháilteachta dóiteáin a chrochadh laistigh de dhoirse na seomraí codlata, sa dá theanga, ar a gcomhairlítear gan soicéid leictreacha a rólódáil, gan fearas leictreach amhail ríomhairí glúine nó dírithe oirí gruaige a fhágáil ar leapacha nó ar fhearastú bog toisc go bhféadfadh go n-éireoidh siad róthe, agus gan fóin phóca nó fearas eile a luchtú thar oíche nó iad a fhágáil ag luchtú leo féin.

2.15. Scútair Leictreacha nó Rothair Leictreacha

Níor cheart scútair leictreacha nó cadhnraí rothar leictreach a luchtú ar an áitreabh de bharr an bhaoil dóiteáin atá i gceist le cadhnraí míchearta nó damáistithe. Níor cheart scútair leictreacha nó rothair leictreacha a stóráil laistigh den áitreabh ach oiread.

2.16. Cothabháil Córais Sábháilteachta Dóiteáin

Ba chóir do dhuine inniúil an córas aimsithe dóiteáin, an córas aláraim dóiteáin, an córas soilsithe éigeandála agus aon trealamh múchta dóiteáin a scrúdú go mion uair sa bhliain, go díreach roimh shéasúr an choláiste. Ba chóir d'Fhear nó Bean an Tí taifead ar na tástálacha sin a choimeád i gclár sábháilteachta dóiteáin (féach Aguisín 2).

2.17. Fearastú

Ba chóir go gcomhlíonfadh fearastú I.R. Uimh. 316/1995: an tOrdú Taighde Tionscail agus Caighdeán (Sábháilteacht Dóiteáin) (Troscán Tí), 1995.

2.18. Clár Sábháilteachta Dóiteáin

Ba chóir d'Fhear nó Bean an Tí clár sábháilteachta dóiteáin a choimeád. Tá mionsonraí faoin gcineál faisnéise ba chóir a choimeád ann le fáil in Aguisín 2.

Aguisín 1. Nósanna Imeachta Éigeandála agus Aslonnaithe

Fógraí Treorach Dóiteáin

Is éard is fógra treorach dóiteáin ann liosta priontáilte treoracha lena léireofar na nithe nach mór a dhéanamh nuair a tharlaíonn dóiteán nó éigeandáil eile. Tá an fógra roinnte ina dhá chuid ag brath ar cibé an dtagann duine ar dhóiteán nó an gcloiseann sé nó sí rabhadh maidir le dóiteán. Léirítear sampla d'fhógra thíos.

FÓGRA TREORACH DÓITEÁIN
(ÉIRCHÓD XXX XXXX)

Ar Dhóiteán a Aimsiú

- Cuir air an t-aonad briste gloine[4] is gaire duit má tá ceann ar fáil.
- Cuir Fear nó Bean an Tí ar an eolas faoi shuíomh an dóiteáin.
- Fág an t-áitreabh láithreach tríd an mbealach éalaithe is gaire duit atá ann.
- Ná deifrigh.
- An duine ainmnithe chun teagmháil a dhéanamh leis na Seirbhísí Éigeandála (999 nó 112).[5]
- Ná téigh isteach san áitreabh arís.
- Déan de réir threoracha Fhear nó Bhean an Tí.

Ar Aláram nó Rabhadh Eile a Chloisteáil

- Fág an t-áitreabh láithreach tríd an mbealach éalaithe is gaire duit atá ann.
- Ná deifrigh.
- An duine ainmnithe chun teagmháil a dhéanamh leis na Seirbhísí Éigeandála (999 nó 112). [5]
- Ná téigh isteach san áitreabh arís.
- Déan de réir threoracha Fhear nó Bhean an Tí.

Líníochtaí den Leagan Amach

Ba chóir go mbeadh plean ag gabháil leis an bhfógra sin ar a n-aithnítear an bealach ba chóir d'áititheoirí an tseomra a thógáil le bheith sábháilte, i gcás éigeandála, agus ar a n-aithnítear suíomh beartaithe an phointe tionóil chun tuairisc a fháil ar gach áititheoir. Ba chóir go mbeadh an fógra treorach dóiteáin agus an plean priontáilte ar ábhar buan agus greamaithe ar chúl dhoirse na seomraí codlata go léir.

---

[4] Sa chás nach bhfuil aonad briste gloine ann nó sa chás nach bhfuil an córas aláraim dóiteáin ar siúl fós, ba chóir rabhadh ó bhéal a thabhairt don fhoireann agus d'áititheoirí

[5] Ba chóir go mbeadh d'ainm, d'uimhir ghutháin, d'Éirchód, an cineál dóiteáin agus aon fhaisnéis chuí eile i measc na faisnéise a thugann tú do na Seirbhísí Éigeandála ar an teileafón.

Aguisín 2. Clár Sábháilteachta Dóiteáin

Tugann an t-aguisín seo treoir maidir leis an gcineál taifead agus faisnéise eile ba chóir a chur san áireamh i gclár sábháilteachta dóiteáin. Níl leagan amach an chláir ordaithe, ach d'fhéadfaí na foirmeacha ar na leathanaigh seo a leanas a úsáid chun na críche sin. D'fhéadfaí na foirmeacha sin agus cáipéisíocht ghaolmhar a choimeád i gcomhad leathanach scaoilte agus a choinneáil in áit shlán.

Ba chóir go mbeadh ar a laghad an fhaisnéis seo a leanas sa Chlár Sábháilteachta Dóiteáin:

(a) Mionsonraí an áitribh

(b) Tástálacha seachtainiúla Fhear nó Bhean an Tí

(c) Tástálacha bliantúla

(d) Teastas aláraim dóiteáin

(e) Teastas soilsithe éigeandála

(f) Taifead seirbhíse don mhúchtóir/do na múchtóirí dóiteáin

(a) Mionsonraí an áitribh

Ainm an Áitribh _____

Ainm an Duine i gCeannas _____

Uimhir Ghutháin an Áitribh _____

Seoladh an Áitribh _____

_____

_____

_____

Ainm an Duine atá freagrach as glaoch ar an mBriogáid Dóiteáin

_____

Líon na Seomraí Codlata _____

Líon na Spásanna Leapa _____

Ainmneacha na bhFoghlaimeoirí Gaeilge_____

_____

_____

_____

_____

Srl.

(b) Tástálacha Seachtainiúla Fhear nó Bhean an Tí

(i) Taifead ar Chleachtaí Aslonnaithe/Dóiteáin

Ba chóir go mbeadh gach mac léinn Gaeilge páirteach i gcleachtadh dóiteáin amháin ar a laghad san áitreabh ina bhfuil siad ag fanacht. Ba chóir go dtarlódh sin an chéad oíche a chaitheann siad go léir san áitreabh. Ba chóir gach cleachtadh aslonnaithe/dóiteáin a thaifeadadh sa tábla thíos.

	Dáta an Chleachtaidh	**Am an Chleachtaidh**	**Ar ghlac gach Foghlaimeoir Gaeilge páirt** **(Ghlac/Níor Ghlac)**	**Nótaí**
Cleachtadh 1				
Cleachtadh 2				
Cleachtadh 3				

(ii) Tástáil Sheachtainiúil ar an Aláram Dóiteáin

	Dáta	**Am**	**Ar cuireadh Aláram i nGníomh** (Cuireadh/Níor Cuireadh)	**Ar aimsíodh lochtanna** (Aimsíodh/Níor Aimsíodh)	**Arna síniú ag:**
Seachtain 1					
Seachtain 2					
Seachtain 3					
Seachtain 4					
Seachtain 5					
Seachtain 6					
Seachtain 7					
Seachtain 8					
Seachtain 9					
Seachtain ?					

Tabhair faoi deara: Ba cheart gairis bhraite a ghlanadh ó am go ham, de réir threoracha an mhonaróra.

(iii) Tástáil Sheachtainiúil ar an Soilsiú Éigeandála

	Dáta	**Am**	**Ar cuireadh soilsiú ar siúl** (Cuireadh/Níor Cuireadh)	**Ar aimsíodh lochtanna** (Aimsíodh/Níor Aimsíodh)	**Arna síniú ag:**
Seachtain 1					
Seachtain 2					
Seachtain 3					
Seachtain 4					
Seachtain 5					
Seachtain 6					
Seachtain 7					
Seachtain 8					
Seachtain 9					
Seachtain ?					

(c) Tástálacha Bliantúla

(le comhlánú ag duine inniúil)

(i) Tástáil Bhliantúil ar an Trealamh Múchta Dóiteáin

Cineál agus Méid	Suíomh	Mionsonraí Lochtanna agus ar Ghnímh a rinneadh	Dáta agus Síniú

(ii) Tástáil Bhliantúil ar an gCóras Aimsithe Dóiteáin agus ar an gCóras Aláraim

Dáta	Am	Eachtra	Gníomh riachtanach nó a glacadh	Dáta Comhlánaithe	Inisealacha

(iii) Tástáil Bhliantúil ar Shoilsiú Éigeandála

Dáta	Am	Eachtra	Gníomh riachtanach nó a glacadh	Dáta Comhlánaithe	Inisealacha

(d) Teastas Aláraim Dóiteáin

(le comhlánú ag duine inniúil)

Tá córas aláraim dóiteáin riachtanach i ngach áitreabh a úsáidtear chun lóistín a chur ar fáil d'fhoghlaimeoirí Gaeilge d'fhonn rabhadh luath ar bhriseadh amach dóiteáin a thabhairt agus lena chinntiú gur féidir na bealaí éalaithe a úsáid go sábháilte.

Taifead Feistithe

An líon Brathadóirí Deataigh _____

An líon Brathadóirí Teasa _____

An líon Aonad Briste Gloine _____

(más infheidhme)

Tá an córas seo inoibrithe agus tá seiceáil agus tástáil déanta air de réir an chaighdeáin ábhartha amhail BS 5839: Cuid 1: 2002 nó IS 3218.

Arna shíniú ag _____

Stádas _____

Dáta _____

Le haghaidh agus thar ceann _____

Eagraíocht seirbhíse

Nótaí:

1. Do chórais atá ann cheana, ba cheart go mbeidh cóip chomhlíonta den "model confirmation of servicing and testing of an FDAS in a dwelling" [*eiseamláir de dheimhniú go ndearnadh Córas Braite agus Aláraim Dóiteáin (CBAD) a sheirbhísiú agus a thástáil in áitreabh*] comhlíonta, san fhormáid i bhFigiúr B de IS 3218: 2014, a bheith ceangailte leo. Féach Figiúr 1 thíos i gcomhair tagartha. Má tá córas ann atá suiteáilte agus inoibrithe, agus é ag comhlíonadh Caibidil 2, fophointe (1), ní gá an córas a uasghrádú nó córas níos nuaí a chur ina áit.
2. Do chórais nua, ba cheart go mbeidh cóip chomhlíonta den "Model confirmation of design, installation, and commissioning of FDAS in dwelling in the format of Figure B.6 of IS 3218:2024" [*Eiseamláir de dheimhniú ar dhearadh, shuiteáil agus coimisiúnú CBAD in áitreabh, i bhformáid Fhigiúr B.6 de IS 3218:2024*] ceangailte leo. Féach Figiúr 2 thíos i gcomhair tagartha.

Figiúr 1 thíos. Cóip de dhá leathanach a tógadh ó IS 3218:2024, "Figure B.7 – Model confirmation of servicing and testing FDAS in a dwelling" [*Figiúr B.7 – eiseamláir de dheimhniú go ndearnadh CBAD a sheirbhísiú agus a thástáil in áitreabh*], i gcomhair tagartha.



I.S. 3218 V4.00
I.S. 3218:2024

Fire detection and alarm system – Confirmation of servicing and testing of FDAS in a dwelling

Page 1 of 2

Document number: .....

Name of building owner and/or occupier: .....

Address of building: .....

Issuing organisation details: .....

The servicing and testing work covered by this confirmation is as set out below: (tick appropriate box)

Routine inspection & test	☐	Special servicing following a fault	☐
Special servicing following a fire	☐	Other non-routine attention	☐
Special servicing following a false alarm	☐		

The servicing and testing work carried out: (tick appropriate boxes)

Alarm functions and controls have been checked.	☐
Detection and alarm devices are operational, and their interconnections are in good condition and functioning correctly.	☐
A clear space is maintained around each detector, and no detector is covered or contaminated by dust, dirt, or paint.	☐
The person having control and the dwelling owner are in possession of information on the operation of the system and action in the event of fire or fault signals.	☐
The person having control and the dwelling owner have information on the avoidance of false alarms.	☐

I.S. 3218 V4.00
I.S. 3218:2024

Fire detection and alarm system – Confirmation of servicing and testing of FDAS in a dwelling

Page 2 of 2

I/We hereby confirm that the fire detection and alarm system at the above building has been serviced and tested in conformance with the requirements of I.S. 3218:2024, except as stated in the attached justifiable variations or areas excluded (if any).

Comment: .....

.....

Details and signature of competent person responsible for the servicing and testing of the system:

Name (Print): ..... Position: .....

Signed: ..... Date: ...../...../.....

For and on behalf of (organisation): .....

Figure B.7 —Model confirmation of servicing and testing of an FDAS in a dwelling

Figiúr 2 thíos. Cóip de "Figure B.6 – Model confirmation of design, installation and commissioning FDAS in a dwelling" [*Figiúr B.6 – Eiseamláir de dheimhniú ar dhearadh, suiteáil agus coimisiúnú CBAD in áitreabh*], a tógadh ó IS 3218: 2024, i gcomhair tagartha.



I.S. 3218 V4.00
I.S. 3218:2024

Fire detection and alarm system – Confirmation of design, installation, and commissioning of FDAS in a dwelling

Document number: .....

New system: ☐ Modification, extension, or alteration to existing system: ☐ (tick appropriate box)

Name of building owner and/or occupier: .....

Address of building: .....

Grade and category of system: .....

.....

Issuing organisation details: .....

Justifiable variations from I.S. 3218:2024: No ☐ Yes ☐ (listed as attached)

Areas excluded from this document: No ☐ Yes ☐ (listed as attached)

I/We hereby confirm that the fire detection and alarm system at the above building has been designed, installed, and commissioned by me/us in conformance with the requirements of I.S. 3218:2024, except as stated in the attached justifiable variations or areas excluded (if any).*

Comment: .....

.....

Details and signature of competent person responsible for the design, installation, and commissioning of the system:

Name (Print): ..... Position: .....

Signed: ..... Date: ...../...../.....

For and behalf of (organisation): .....

*If the design or installation or commissioning is undertaken by different parties, this document shall be completed by each relevant party, and issued to the person having control]

Figure B.6 — Model confirmation of design, installation, and commissioning of FDAS in dwelling

(e) Teastas Soilsithe Éigeandála

(le comhlánú ag duine inniúil)

Ba chóir córas soilsithe éigeandála a chur ar fáil chun na bealaí éalaithe a shoilsiú sa chás go dteipfeadh ar sholáthar leictreachais an phríomhlíonra.

Taifead Feistithe

An Líon Soilse Éigeandála _____

An dáta Iniúchta/Feistithe _____

Iniúchadh/Feistiú déanta ag _____

Arna shíniú ag _____

Stádas _____

Dáta _____

Le haghaidh agus thar ceann _____

Eagraíocht seirbhíse

Tabhair faoi deara:

1. Do chórais atá ann cheana, ba cheart go mbeidh cóip chomhlíonta den “Certificate for Emergency lighting system - Confirmation of annual inspection and testing to I.S. 3217: 2023 as per Annex C6” [*Deimhniú don Chóras Soilsithe Éigeandála - Deimhniú go ndearnadh iniúchadh agus tástáil bhliantúil i gcomhréir le I.S. 3217: 2023 de réir Iarscríbhinn C6*] a bheith ceangailte leo. Féach Figiúr 3 thíos i gcomhair tagartha.
2. Do chórais nua, ba cheart go mbeidh cóip chomhlíonta den “Certificate for Emergency lighting system - Confirmation of commissioning to I.S. 3217: 2023 as per Annex C4” [*Deimhniú don Chóras Soilsithe Éigeandála - Deimhniú gur coimisiúnaíodh é i gcomhréir le I.S. 3217: 2023 de réir Iarscríbhinn C4*] a bheith ceangailte leo. Féach Figiúr 4 thíos i gcomhair tagartha.

Figiúr 3 thíos. Cóip de "Annex C6 – Emergency lighting system - Confirmation of annual inspection and testing" [*Iarscríbhinn C6 – Córas soilsithe éigeandála - Deimhniú go ndearnadh iniúchadh agus tástáil bhliantúil*] a tógadh ó IS 3217: 2023, i gcomhair tagartha.



I.S. 3217:2023 V4.00
I.S. 3217:2023

Annex C6
(normative)

Emergency lighting system - Confirmation of annual inspection and testing

Document number: .....

Applicable standard(s) to which the emergency lighting system was installed: [tick appropriate box(s)]

I.S. 3217:1989 ☐ I.S. 3217:2008 ☐ I.S. 3217:2013 ☐ I.S. 3217:2013+A1:2017 ☐

I.S. 3217:2023 ☐ Unknown ☐

Is confirmation of commissioning available: Yes ☐ No ☐ [tick appropriate box]

Name of building owner and/or occupier: .....

Address of building: .....

Description of works: .....

As-installed drawing(s): .....

System type: ☐ Self-contained ☐ CPS System ☐ ATS [tick appropriate box(s)]

Comments on system type: .....

I/We hereby confirm that the emergency lighting system as detailed above has been inspected and tested by me/us in conformance with the requirements of 11.5.2 of I.S. 3217:2023.

Comments:

.....

.....

Details and signature of competent person responsible for the annual inspection and testing:

Name: ..... Position: .....

Signed: ..... Date: ...../...../.....

For and on behalf of (organisation): .....

Figiúr 4 thíos. Cóip de "Annex C4 – Emergency lighting system - Confirmation of commissioning to IS 3217: 2023" [*Iarscríbhinn C4 – Córas soilsithe éigeandála - Deimhníodh gur coimisiúnaíodh é de réir IS 3217:2023*] , i gcomhair tagartha.



I.S. 3217:2023 V4.00
I.S. 3217:2023

Annex C4
(normative)

Emergency lighting system - Confirmation of commissioning to I.S. 3217:2023

Document number: .....

New system: ☐ Modification, extension, or alteration to existing system: ☐ (tick appropriate box)

Name of building owner and/or occupier: .....

Address of building: .....

.....

Description of works: .....

.....

Issuing organisation details: .....

Design documentation: .....

Justifiable variations to I.S. 3217:2023: No ☐ Yes ☐ (listed as attached)

Areas excluded from this document: No ☐ Yes ☐ (listed as attached)

I/We hereby confirm that the emergency lighting system at the above building and as set out in the listed documentation has been commissioned by me/us and is in conformance with the requirements of I.S. 3217:2023, except as stated in the attached justifiable variations or areas excluded (if any).

Comment: .....

.....

Details and signature of competent person responsible for the commissioning of the system:

Name: ..... Position: .....

Signed: ..... Date: ...../...../.....

For and on behalf of (organisation): .....

gov.ie/housing

An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta

An Roinn Tithíochta,
Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta
Department of Housing,
Local Government and Heritage